C/2024/7485

17.12.2024

Fógra le haghaidh an duine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/3151 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3152 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré

(C/2024/7485)

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird don duine a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/3151 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) ón gComhairle ([3]) 2017/1509 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3152 ón gComhairle ([4]).

Chinn Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe iontráil an duine thuasluaite a thabhairt cothrom le dáta tríd an bhfaisnéis atá sna hachoimrí insinte ar chúiseanna a chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) ar fáil, arna bhunú de bhun rún 1718 (2006) a bhaineann le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, atá ar fáil ag an gComhairle Slándála 1718, a chur isteach, rud atá ar le fáil ag *Security Council 1718 Sanctions Committee Amends One Entry on Its Sanctions List | Meetings Coverage and Press Releases*

Féadfaidh an duine lena mbaineann, iarraidh tráth ar bith ar athbhreithniú an chinnidh, é a áireamh ar liosta na Náisiún Aontaithe, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1718 (2006). Ba cheart an iarraidh sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

An Pointe Fóchasach um Dhíliostú
Brainse Fho-Orgáin na Comhairle Slándála
Seomra DC2 2034
Na Náisiúin Aontaithe
New York, N.Y. [Nua Eabhrac, N.Y.] 10017 10017
Stáit Aontaithe Mheiriceá
Teil.+1 917 367 9448
Facs +1 212 963 1300
ríomhphost: delisting@un.org

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach: https://www.un.org/securitycouncil/sanctions/delisting/delisting-requests

Mar thoradh ar an gcinneadh ó na Náisiúin Aontaithe, nuashonraigh Comhairle an Aontais Eorpaigh, dá bhrí sin, iontráil an duine thuasluaite in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/3151 agus in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3152.

Tugtar ar aird an duine lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suímh ghréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 329/2007, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 7 den Rialachán).

Féadfaidh an duine lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Tugtar ar aird an duine lena mbaineann freisin gur féidir an Cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 141, 28.5.2016, lch. 79.
([2]) IO L, 2024/3151, 16.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3151/oj.
([3]) IO L 224, 31.8.2017, lch. 1.
([4]) IO L, 2024/3152, 16.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3152/oj.